

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuáiocht agus fógraí
as Cois Fharraige


Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

20 BEALTAINÉ 2021



CRUINIÚ POIBLÍ: ARDTEIST NA GAELIGE

Ar iarratas ó Thuismitheoirí na Gaeltachta tá an CNCM le casadh le tuismitheoirí ón nGaeltacht leis an gcúrsa nua Gaelige atá molta don Ardteist a phlé. Seo deis do thuismitheoirí labhairt go díreach leis an CNCM le ceisteanna a chur, eolas a lorg, tuairimí a thabhairt agus imní a chur in iúl faoin méid atá á mholadh. Beidh an cruinniú poiblí ar siúl ar an gCéadaoin 26ú Bealtaine @ 6:30-8.30 ar líne. Le clárú, tá nasc ar fáil ó chuntas Facebook: Tuismitheoirí na Gaeltachta nó is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag eolas@tuismith eoiri.ie. Is féidir teacht ar an dréacht sonraíocht ag www.ncca.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com le cóip den cháipéis a fháil.



MAOINIÚ DO THUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Bhí an-dea-scéal ag Jack Chambers, Aire Stáit na Gaeltachta, don eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta nuair a thug sé cuairt ar cheannáras na heagraíochta an tseachtain seo caite. D'fhógair sé go bhfuil os cionn €1.6 milliún ceadaithe dóibh thar trí bliana. Cuirfear Clár Teaghlaigh Gaeltachta ar bun, le "líonraí tacaíochta a threisiú, chomh maith le tacaíochtaí praiticiúla breise a chur ar fáil". Comhghairde achas mór leo!



POTA CAFE SA TÓIR AR FHOIREANN




Ní fada anois go mbeidh POTA CAFE- caifé nua i mBaile na hAbhann - ar oscailt. Tá foireann cistine agus urláir uathu. Beidh an fhoireann ag teastáil le tosú i mí an Mheithimh in ionad oibre nua, fuinniúil agus nuálaíoch. Caithfidh suim a bheith ag iarrthóirí i mbia áitiúil, orgánach agus séasúrach a réiteach, i gcaomhnú agus i bhfeabhsú na timpeallachta agus caithfidh Gaelige líofa a bheith acu. Tá taithí chuí riachtanach. Le hiarratas a dhéanamh is féidir CV a sheoladh chuig potacafe@gmail.com. Breis eolais ar fáil ar chuntas Facebook: POTA



LÉAMH FILÍOCHTA LE MARCUS MAC CONGHAIL

Tá léamh filíochta á óstáil ar Zoom ag Glór na nOileán i gcomhar le Pobal Rua ar an gCéadaoin 26 Bealtaine. Léifidh Marcus Mac Conghail as Spásas, a chnuasach nua fhoilsithe. Is féidir teagmháil a dhéanamh le pleanteangacnn@gmail.com le tuilleadh eolais a fháil nó le d'áit a chur in áirithe. Bainigí taitneamh as a chairde.



AN CHÚIRT FHLÍOCHTA

Saothar Aindrias Mhic Craith nó an Mangaire Súgach a bheas faoi chaibidil ag Máire Feiritéar ar an Domhnach beag seo 23 Bealtaine @7.30 i.n. Seo an seisiún deireanach sa tsraith seo. Cuireadh tús le plé ar líne ar Ghearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain ar an 20 Deireadh Fómhair mar chomórath ar leathchhead bliain bhás an údair. Chláraigh os cionn ceithre scór duine don phlé agus cíoradh deich ngearrscéal de chuid an Chadhnaigh idir sin agus Lá' Pádhraic. Bhí leisce ar an gcomhlúadar scaradh lena chéile, beartaíodh leanacht leis an imeacht coicisiúil le téama na filíochta mar mhalairt ar an bprós. Tá briseadh á ghlacadh anois le linn an tsamhraidh ach tiocfaidh an bhuíon le chéile arís le deich gcinn eile de scéalta Uí Chadhain a phlé le linn an gheimhridh seo chugainn. Más mian leat a bheith páirteach sa seisiún deiridh cuir sin in iúl tré scríobh chuig optchoisfharraige@gmail.com agus seolfar an nasc chugat ar an lá.

CÚL CAMPA SNA FORBACHA

D'fhógair Club Iománaíochta Bearna/Na Forbacha le gairid go mbeidh Cúl Champa á reachtáil i mbliana. Beidh an campa samhraidh ar siúl ón 26-30 Iúil ar Pháirc na bhForbacha. Roinnfear eolas maidir le spás a chur in áirithe go luath, agus glacfar le hiarratais ón 17ú Meitheamh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar a gcuntas Facebook nó ag www.bnaf.ie.


FOLÚNTAS AG TEARMANN ÉANNA

Tá Tearmann Éanna CTR ag lorg iarratais do phost páirt aimseartha mar Thiománaí Mionbhus i gceantar Chois Fharráige. Ní mór ceadúnas tiomána D1 mar aon le hard-chaighdeán Gaeilge a bheith ag iarrthóirí. Iarrtar ar iarrthóirí CV agus cóip dá gceadúnas tiomána D1 a sheoladh chuig bainisteoirtear manneanna@gmail.com. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 28ú Bealtaine. Is féidir sonraí nó breis eolais a fháil ach glaoch a chur ar 091 505 540.



DEIREADH SEACHTAINE NA DTEAGHLACH

Tá clár spleodrach d'imeachtaí fíorúla réitithe ag Glór na nGael le ceiliúradh a dhéanamh ar Dheireadh Seachtaine Náisiúnta na dTeaghlach ar an 21 & 22 Bealtaine. I measc na n-imeachtaí tá Óga Lóga, ceardlann cócaireachta, cluichí aclaíochta agus neart eile nach iad! Cuirfear tús leis an spraoi ag 10r.n ar an Satharn. Is féidir clárú do na himeachtaí tré theagmháil a dhéanamh le cabrini@glornangael.ie Bainigí taitneamh as!



CLÁR EALAÍNE FAOI STIÚIR FÍBÍN

Bronnadh an conradh ar Fíbín, an comhlacht drámaíochta atá lonnaithe ar an Tulach, le bheith freagrach as an gclár ealaíne i dTaibhdhearc na Gaillimhe as seo go ceann trí bliana. Tá súil ag Fíbín leas iomlán a bhaint as an spás leis na healaíona a chur chun cinn i nGaillimh. Bíonn fuinneamh, spleodar, cruthaíocht agus nuálaíocht ar leith ag baint leis na léiriúcháin a dhéanann Fíbín, ceann de na comhlachtaí drámaíochta is bisiúla sa tír faoi láthair. Comhghairdeas ó chroí libh a chairde!



Atharclann Náisiúnta na Gaeilge
National Irish Language Theatre

RITH SHIN SHEÁIN 2021

Tá ag éirí go hiontach ar fad leis na gasúir atá i mbun traenála i láthair na huaire do Rith Shin Sheáin 2021, ar nós na cailíní agus buachaillí iontacha seo ag Scoil na bhForbacha. Leanfaidh na rannpháirtithe sceideal traenála ar feadh sé



seachtaine sula dtabharfar aghaidh ar an dúshlán 2K ar an gCéadaoin 23 Meitheamh. Beidh daoine fásta ag tabhairt faoi freisin, le hachar 5K ar siúl acusan. Tá bunscóileanna ar fud an cheantair ag glacadh páirt ann agus bronnfar bonn speisialta ar chuile dhuine ag deireadh an dhúshláin. Go n-éirí libh a chairde agus coinnigí leis an dea-obair!

RÁMHAÍ NA BHFORBACHA SNA CLUICHÍ OILIMPEACHA

Comhghairdeas mór le hAifric Keogh, as Saoirsinn na Forbacha, a cháilligh le páirt a ghlacadh sna Cluichí Oilimpeacha! Sa tSeapáin a bheas na cluichí ar siúl i mbliana. Is mar chuid d'fhoireann na hÉireann i rámháíocht na mban (Women's Fours) a bheas Aifric ag dul go Toiceó le linn an tsamhraidh, in éindí le triúr ball foirne eile, Fiona Murtagh ó Mhaigh Chuilinn ina measc. Ní hí Aifric an t-aon bhean as Cois Fharráige le páirt a ghlacadh sna Cluichí Oilimpeacha. Is maith is cuimhin linn éachtaí an chadhcóra, Eadaóin Ní Challaráin as an Spidéal sna cluichí i Sydney 2000 agus san Aithin i 2004. Guíonn muid chuile rath ar Aifric agus ar a cuid comhbháidóirí! Treise libh!

COMHGHAIRDEAS LE POBAL GNÓ CHOIS FHARRAIGE

Comhghairdeas ó chroí agus fáilte ar ais roimh na comhlachtaí agus gnóthaí uilig ar fud Chois Fharráige a bhí in ann a gcuid doirse a oscailt arís an tseachtain seo. Is mór an t-ábhar dóchais dúinn uilig é. Is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharráige@gmail.com más féidir linn tacaíocht nó cúnamh ar bith a thabhairt daoibh.



Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá scéilín, nuaíocht nó fógra ar mhaith libh a scaipeadh linn i Scéal, Scéal, Scéal...is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharráige@gmail.com

TRAENÁIL ILCHEAMARA LE GRÉASÁN NA MEÁN

Tá cúrsaí éagsúla i dtraenáil ilcheamara á thairiscint ag Gréasán na Meán faoi láthair. Freastlóidh na cúrsaí ar stiúirthóirí, ar chúntóirí léirithe/comhordaitheoirí craolacháin agus ar mheasctóirí físe. Beidh réimse fíorúil agus tréimhse phraiticiúil ag baint le chuile chúrsa - áit a gclúdófar teoiric agus scileanna praiticiúla atá feiliúnach agus luachmhar don earnáil ceoil, teilifíse agus siamsaíochta. Dianchúrsaí, a mhaireann deich lá atá iontu a bheas á reáchtáil le linn mí Bealtaine agus Meitheamh, ag tosú ar an 24ú Bealtaine. Le tuilleadh eolais a fháil maidir le dátaí agus sonraí nó más mian leat áit a chur in áirithe moltar teagmháil a dhéanamh le info@greasannamean.ie nó is féidir eolas a fháil ar a gcuntas Facebook: Gréasán na Meán (091 558 400).



Gréasán
na Meán
Skillnet